Athchúrsáil páipéir

Coincheap—Is slí chun fuinneamh a shábháil é a athchúrsáil

Fainic: gá le maoirseacht

NASC LEIS AN gCURACLAM:

Curaclam Tíreolaíochta agus Eolaíochta – Feasacht agus Cúram Imshaoil Eolaíocht – Ábhair

Turgnamh— Nóta: Faigh cabhair ó dhuine fásta chun an cumascóir a úsáid!

Beidh gá agat le:

- Sean-nuachtán
- Cumascóir
- Crochaire cótaí
- Riteoga níolóin
- Babhla
- Crann fuinte
- Bord smiotaíola
- Tuáillí páipéir

1. Tóg a lán bileog sean-nuachtáin agus srac go mion iad.
2. Cuir na píosaí páipéir sa chumascóir.
3. Cuir uisce te leis agus fág an meascán ar maos go ceann 10 nóiméad.
4. Cumaisc an meascán páipéir go maith.
5. Lúb an crochaire ina lúb ciorclach.
6. Clúdaigh an lúb leis na riteoga. Tarraing teann iad agus ceangail iad ag déanamh saghas scáileáin.
7. Leag an scáileán in airde ar an mbabhla agus doirt an meascán ón gcumascóir ar an scáileán.
8. Fan go mbíonn an leacht tar éis sileadh as an meascán isteach sa bhabhla.
9. Leath an laíon páipéir timpeall an scáileáin agus cuir an scáileán idir dhá bhileog de thuáille páipéir.
10. Leag an ceapaire de thuáille páipéir ar an mbord smiotaíola agus leath faoin gcrann fuinte é.
11. Bain na tuáillí páipéir de, lig do do pháipéar triomú (féadann sé sin tamall a ghlacadh!) agus ansin bain an scáileán de go deas réidh.

Glacann athchúrsáil ruda níos lú fuinnimh go minic ná é a dhéanamh as an nua. Trí níos mó dár ndramhaíl a athchúrsáil is féidir linn fuinneamh a shábháil.

Tuilleadh Oibre. D'fhéadfá:

- Déanamh páipéir dhaite a thriail trí dhathú bia a chur leis an meascán sa chumascóir, nó roinnt a stealladh ar an laíon páipéir tais ag an deireadh.
- Triail saghsanna éagsúla seanpháipéar a úsáid chun uigeachtaí éagsúla páipéir athchúrsáilte d'fháil.